Personal Injuries Assessment Board

PIAB

*"Cúiteamh a thabhairt ar bhealach cóir, tráthúil, trédhearcach dóibh siúd a fhulaingíonn trí thimpistí lena mbaineann díobhálacha pearsanta leo agus sin trí mhodh a bhfuil éifeacht leis ó thaobh costais de."*

# An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

## Tuarascáil Bhliantúil 2004

© An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
(Teil: 01-6476834/35/36/37; Fax: 01-6476843)

---

© Rialtas na hÉireann

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALES OFFICE,
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
51 STEPHEN’S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01-6476834/35/36/37; Fax: 01-6476843)

---

€5.00 Meán Fómhair, 2005

Prn: A5/1144

# An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Tuarascáil Bhliantúil 2004

| | |
|---|---|
| Réamhfhocal – Cathaoirleach | 2 |
| Réamhrá – Príomhfheidhmeannach | 4 |
| Comhaltaí an Bhoird & Foireann na Bainistíochta Feidhmithí | 6 |
| Ráiteas Misin an PIAB & na Príomhchuspóirí | 7 |
| Bunú an PIAB | 10 |
| Sainordú | 10 |
| Reachtaíocht – An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 | 10 |
| Feidhmeanna an Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 11 |
| Ar cuireadh i gcrích i rith na bliana 2004 | 12 |
| Réamhrá | 12 |
| Struchtúr | 12 |
| Daoine | 13 |
| Seirbhís | 14 |
| Próiseas | 15 |
| Staitisticí | 16 |
| Réamhrá | 16 |
| Tráthlínte | 16 |
| Costas maidir le cúiteamh a thabhairt | 16 |
| Leibhéal na nDámhachtainí | 16 |
| Líon na gCásanna | 17 |
| Staitisticí a bhaineann leis an PIAB | 17 |
| Cúrsaí Airgeadais | 20 |
| Réamhrá | 20 |
| Cuntas Ioncaim & Caiteachais | 21 |
| Ráiteas faoi Ghéilliúntas maidir le Critéir na Rialála Corparáidí | 22 |
| Dualgais Reachtúla | 24 |

Réamhfhocal – Cathaoirleach

Réamhrá – Príomhfheidhmeannach

Comhaltaí an Bhoird & Foireann na Bainistíochta Feidhmithí

Ráiteas Misin an PIAB & na Príomhchuspóirí

## Réamhfhocal le Cathaoirleach an Bhoird

Tá Éire ar cheann de na tíortha is daoire ar domhan maidir le costas árachas gluaisteáin agus dliteanais. Bíonn drochthionchar aige sin ar eacnamaíocht na tíre agus míbhuntáiste ann don tomhaltóir príobháideach agus don tomhaltóir tráchtála.

Bhíodh an leibhéal ard barrchostais dlíthíochta i ndlínse na hÉireann ina ghné suntasach maidir le costas an árachais. Bhíodh mar sin ainneoin nár tharla éisteacht ó bhéal i gcás fiú 10% de na himeachtaí dlí a thionscnaítí.

Chomh tábhachtach céanna, léiríodh trí thaighde neamhspleách go mbíodh na héilitheoirí in Éirinn ag fanacht sé huaire níos faide sula gcuirtí tús fiú amháin le hidirbheartaíocht maidir lena n-éileamh. Ba léir gá le malairt gnáis nach mbainfeadh moill ná costas ard leis do na cásanna nach raibh breith maidir le ceisteanna dlíthiúla ag teacht i gceist leo.

Téann moladh maidir le malairt na gCúirteanna siar go dtí an bhliain 1986 ar a laghad nuair a bhí sin i dtuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais um Fhiontraíocht agus Mionghnóthaí faoi chathaoirleacht Ivan Yates T.D., Fine Gael. Ag an am sin, dúradh gur barrchostas dlíthíochta ba chúis le 15% de chostas an árachais. Faoin mbliain 1996, bhí sciar na mbarrchostais dhlíthíochta ardaithe go dtí 25% mar is léir ó thuarascáil ó Deloitte & Touche don Aire Tráchtála, Eolaíochta agus Teicneolaíochta ag an am, Pat Rabbitte T.D., ina raibh moladh arís ó Chomhdháil na gCeardchumann maidir le malairt na gCúirteanna. Faoin am ar tháinig tuarascáil Bhord Comhairleach an Árachais Gluaisteáin i mí Aibreáin 2002, bhí sciar na mbarrchostais dhlíthíochta ardaithe go dtí 42% anuas ar gach euro a híocaíodh mar chúiteamh agus tháinig ardú arís ina dhiaidh sin go dtí 46% ar an meán faoin mbliain 2003.

Arna chur chomh simplí agus is féidir, baineann an PIAB le héilimh dhíobhálacha pearsanta sa chás nach mian leis an té a thabharfaí chun dlí i gcásanna eile breith a fháil ar cheisteanna dlíthiúla sula ndéantar luach 100% an chúitimh a mheas. D'fhonn cuidiú le páirtithe na leibhéil Chúitimh a bhaineann le hÉirinn a shocrú i gcás Damáistí Ginearálta maidir le gortú, d'fhoilsigh an PIAB Leabhar Cainníochta i mí Meithimh 2004. Tagann Cúiteamh Dhamáistí Ghinearálta dá leithéid anuas ar aon teideal maidir le caillteanas airgeadais a d'fhulaingeofaí roimhe nó ina dhiaidh seo de thoradh faillí ag duine eile. Chomh maith le treoir a chur ar fáil do na páirtithe maidir le hinghlacthacht dhámhachtainí PIAB, is léir anois go bhféadann páirtithe, de bharr an Leabhar Cainníochta a bheith ann, aighnis a réiteach iad féin go luath sa phróiseas gan bacadh leis an PIAB ná leis na Cúirteanna. Déanann sin tuilleadh fónaimh i gcás na n-aidhmeanna maidir le réiteach luath, beagchostais ar éilimh nuair a bhítear i dteideal chúitimh.

Chomh maith leis an PIAB, ach glan go maith air, thug an Rialtas isteach an tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004. Cuirtear athrú ó bhonn ar na rialacha maidir le himeachtaí dhíobhálacha pearsanta leis an reachtaíocht seo agus ba cheart go gcuirfeadh sé srian leis an gcostas dlíthíochta i gcás na gcúiseanna a thugtar chun Cúirte. Tá gach cuid den reachtaíocht, ar ndóigh, faoi réir a léirmhíniú ag na breithiúna. Meastar go mbunófar fásaigh roimh dheireadh na bliana 2005 faoin oiread agus a mhinicí agus a dhámhfar costais do ghearánaigh a n-éiríonn lena gcás agus faoi na smachtbhannaí a chuirfear i bhfeidhm sa chás go dtarlaíonn aon iarracht den áibhéil

ábhartha ag páirtithe. Ag tagairt do théama ó thuarascáil an Choiste faoi chathaoirleacht Susan Denham Uasal maidir le dlíthíocht dhíobhálacha pearsanta, táthar ag tús ré nua lena mbainfidh nochtadh luath, ionraic, trédhearcacht.

Chomh maith leis an mbuntáiste maidir le réiteach luath a fhágfaidh sin ag éilitheoirí, tá costas árachas gluaisteáin laghdaithe go mór ón mbliain 2002 de réir innéacs an LOS ach is faoi dhream seachas an PIAB a shocrú an bhfuil na táillí ag an leibhéal is fearr go fóill.

**Dorothea Dowling**
Cathaoirleach

## Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Bunaíodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) go foirmiúil trí Ordú Aire an 13 Aibreán 2004. Le linn na n-ocht mí go dtí deireadh na bliana airgeadais, d'éirigh linn eagraíocht nua-aimseartha a chur ar bun atá dírithe ar an tseirbhís agus a thugann tús áite do riachtanais na gcustaiméirí (éilitheoirí agus páirtithe freagartha).

Déanann PIAB freastal ar éilitheoirí agus ar pháirtithe freagartha i dtrí réimse tábhachtacha ar leith:

1. Socraítear maidir le hÉilimh Dhíobhálacha Pearsanta taobh istigh de thréimhsí níos giorra – 9 mí go hiondúil ó thoiliú an fhreagróra le próiseas an PIAB i gcomparáid le 36 mí faoin gcóras dlíthíochta (foinse: Tuarascáil McAuley 1999);
2. Laghdaítear go suntasach ar an gcostas teacht ar réiteach don éilitheoir agus don fhreagróir – 10% ar an meán i gcomparáid le costas stairiúil dlíthíochta de 46% ar an meán (foinse: Tuarascáil MIAB 2004); agus
3. Tugtar cúiteamh ar an leibhéal céanna agus a déantaí roimhe seo.

## Struchtúr

Cuireadh an PIAB le chéile ar bhonn mhúnla eagraíochta solúbtha. Tá teacht ag custaiméirí ar an Ionad Seirbhíse 6 lá sa tseachtain ón 8 r.n. go dtí 8 i.n. ar Lo Call 1890 829 121. Déileáiltear san ionad le fiosrúcháin ghinearálta agus le clárú éilimh, lena n-áirítear iarratais a chomhlánú, tuairisc an dochtúir cóireála a chur faoi bhráid agus sonraí maidir le costas ar nós cailleadh tuarastail.

Tá cúram ar an Ionad Measúnaithe maidir le scoth na seirbhíse measúnaithe sármhaith a chur ar fáil maidir le riarachán ar Éilimh Dhíobhálacha Pearsanta. Baintear úsáid go seasta as na príomhchuspóirí maidir le tréimhsí críochnaithe níos giorra, costas níos ísle agus dúthracht maidir le dámhachtainí ar an leibhéal céanna a chur ar fáil mar spreagadh criticiúil i gcás thabhairt chun cinn an infrastruchtúir.

## Leasuithe maidir le hÁrachas – Toradh Eacnamaíochta

Bunaíodh an PIAB mar chuid de Chlár Athchóirithe Árachais an Rialtais agus cuireadh ciste de €5 milliún ar fáil chun cuidiú le costais bunaithe. Thángthas faoin mbuiséad sin maidir le costais le figiúr de €4.6 milliún ag deireadh na bliana 2004. Tugtar isteach an toradh eacnamaíochta ar an infheistíocht sin le laghdú suntasach ar an gcostas a bhaineann le cúiteamh a shocrú do pháirtithe a dtarlaíonn díobháil dóibh i dtimpistí faillíocha.

## Próiseas

Bhí tionchar ag rabharta cásanna a tugadh chun dlíthíochta i rith samhradh na bliana 2004 ar líon na n-éileamh nua a bhíothas a thuar don PIAB. Agus an PIAB ag tosú i mbun gnó, chuir lucht gairme an dlí tuairim is 16,000 éileamh i dtús dlíthíochta. Ba líon suntasach éilimh Dhíobhálacha Pearsanta é sin nuair a cuireadh i gcomparáid le slata tomhais líon na gcásanna go stairiúil agus figiúirí bliantúla de timpeall is 22,000 é. Ba é an toradh a bhí air sa deireadh gur de réir a chéile a tharla an obair ag an PIAB i gcomparáid lena rabhthas a thuar; dáiríre, ní raibh plé againn ach amháin le timpistí a tharla tar éis dháta tosaithe na hoibre an samhradh seo caite.

Dá bharr sin, thosaigh éilimh nua ag teacht trí chóras an PIAB i rith fhómhar na bliana 2004. Leanann tréimhse 90 lá ó chláraítear éileamh inar féidir le páirtithe freagartha a shocrú ar cás atá ann a chosnóidís sa Chúirt, ar éileamh é ar féidir teacht ar shocrú maidir leis atá inghlactha don dá thaobh trí idirbheartaíocht dhírech nó más gá measúnú neamhspleách maidir leis an gcúiteamh tríd an PIAB. Bhí toiliú maidir le próiseas measúnaithe an PIAB ag teacht isteach agus deireadh na bliana 2004 ag teacht. Rinneadh na chéad dámhachtainí i rith an chéad ráithe den bhliain 2005 agus tá fás ag teacht ar líon na n-iarratas anois ós sainordaithe go gcuirfí gach éileamh dhíobhálacha pearsanta nua (ón 22 Iúil 2004 ar aghaidh, ach amháin cásanna faillí míochaine agus Scéimeanna Chúitimh Reachtúil mar a leagtar amach sa reachtaíocht) chun cinn tríd an PIAB, mura socraítear roimhe sin mar gheall orthu idir an t-éilitheoir agus an freagróir.

## Dátaí Tábhachtacha

Seo a leanas roinnt de na dátaí tábhachtacha i rith na bliana 2004:

- Bunaíodh an Bord go foirmiúil agus ceapadh an Fhoireann Fheidhmitheach – 13 Aibreán 2004
- Osclaíodh an Líne Chabhrach – 13 Bealtaine 2004
- Osclaíodh an tIonad Seirbhíse maidir le Clárú Éileamh – Éilimh Ionad Oibre 1 Meitheamh 2004
- Osclaíodh an tIonad Seirbhíse maidir le Clárú Éileamh – Gach Éileamh maidir le Díobhálacha Pearsanta 22 Iúil 2004 (seachas faillí míochaine agus Scéimeanna Cúitimh Reachtúil mar a leagtar amach sa reachtaíocht.)

## Leabhar Cainníochta

Ag teacht leis na dualgais reachtúla, d'fhoilsigh an PIAB an Leabhar Cainníochta (Treoir maidir le Leibhéil Chúitimh). Ní moltaí maidir le leibhéil chúitimh atá sa leabhar. Is léiriú é ar na nithe seo a leanas:

- luach an chúitimh i ndámhachtainí na gcúirteanna sa bhliain 2003;
- socraíochtaí a rinne tionscal an árachais sa bhliain 2003; agus
- socraíochtaí a rinne Gníomhaireacht Éilimh an Stáit sa bhliain 2003

Cuireadh sonraí ó na trí sheirbhís ar fáil d'fhonn léiriú a thabhairt ar leibhéil na ndámhachtainí sa tír seo. Tá treoirlínte mínithe cuimsitheacha sa cháipéis chomh maith.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do dhaoine go leor, ag tabhairt tús áite don bhord rialachais ar mór é a ndíogras agus a ndúthracht i leith na heagraíochta nua seo. Is iad an fhoireann fheidhmitheach agus an fhoireann is cúis lenar baineadh amach leis an obair. Is meitheal iad ar fad in éineacht a mbaineann an dúthracht, an dílseacht agus an rath leo.



**Patricia E Byron**
Príomhfheidhmeannach

## Réamhrá

Bunaíodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta an 13 Aibreán 2004. Tá an Bord faoi chathaoirleacht Dorothea Dowling Uasal agus tá an Príomhfheidhmeannach, Patricia Byron Uasal, ina comhalta. De réir mar a fhoráiltear faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 tá na daoine seo a leanas ar chomhaltaí an Bhoird chomh maith:

- an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí
- An Stiúrthóir Tomhaltóirí, An Rialtóir Airgeadais
- beirt arna n-ainmniú ag Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)
- duine arna ainmniú ag an Irish Business & Employers Confederation (IBEC)
- duine arna ainmniú ag Cónaidhm Árachais na hÉireann (IIF)
- daoine eile a bhfuil saineolas acu i réimsí an dlí, na míochaine, na sláinte agus na sábháilteachta

## Liosta Cuimsitheach de Chomhaltaí an Bhoird

Dorothea Dowling, Cathaoirleach neamhfheidhmitheach

An Seanadóir Joe O'Toole, Leas-Chathaoirleach
(arna ainmniú ag Comhdháil na gCeardchumann)

Patricia Byron, Príomhfheidhmeannach

John Fay (arna ainmniú ag Comhdháil
na gCeardchumann)

Tom Noonan (arna ainmniú ag IBEC)

Pat Healy (arna ainmniú ag IFF)

Carmel Foley, an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí

Mary O'Dea, an Stiúrthóir Tomhaltóirí,
An Rialtóir Airgeadais

Frances Cooke, an tAturnae Ioncaim

Frank Cunneen, Iarchathaoirleach ar an
Údarás Sláinte & Sábháilteachta

An tOllamh Denis Cusack, Roinn na Míochaine Fóiréinsí,
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

Stephen Watkins, Rúnaí

## Foireann na Bainistíochta Feidhmithí

Patricia Byron, Príomhfheidhmeannach

Maurice Priestley, Stiúrthóir Oibríochta

Helen Moran, Stiúrthóir Seirbhísí Taca Gnó

Stephen Watkins, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

## Ráiteas Misin an PIAB

Tá léiriú i ráiteas misin an Bhoird ar phríomhfhreagrachtaí an PIAB i leith na gcustaiméirí ar fad agus i leith an phobail i gcoitinne. I gcásanna a thagann faoina chúram, tá seo a leanas de rún ag an PIAB:

**"Cúiteamh a thabhairt ar bhealach cóir, tráthúil, trédhearcach dóibh siúd a fhulaingíonn trí thimpistí lena mbaineann díobhálacha pearsanta leo agus sin trí mhodh a bhfuil éifeacht leis ó thaobh costais de."**

## Príomhchuspóirí an PIAB

- Measúnú a dhéanamh ar an tsuim chúitimh i gcásanna díobhála pearsanta
- Na costais dlíthíochta a bhaineann le cúiteamh díobhála pearsanta a bhaint amach, a ísliú
- An t-achar a ghlacann sé éileamh ar chúiteamh díobhála pearsanta a thabhairt chun críche a ghiorrú.

Bunú an PIAB

Ar cuireadh i gcrích i rith na bliana 2004

Staitisticí

## Sainordú

An 20 Márta 2001, cheadaigh an Rialtas bunú Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) ar bhonn reachtúil. Bhunaigh an Rialtas Grúpa Feidhmithe idir-Rannach chun na críche sin chun bunú PIAB ag a mbeadh sainordú ar dtús maidir le héilimh díobhálacha pearsanta a eascraíonn ó árachas dhliteanas fostóra a chur chun cinn.

I mí Aibreáin 2001, bunaíodh an Grúpa Feidhmithe ar a raibh ionadaithe ó Ranna Rialtais ábhartha. Rinne an Grúpa tuairisciú sa bhliain 2002.

Thug an Rialtas geallúint sa Chlár Comhaontaithe Rialtais sa bhliain 2002 maidir le réimse cuimsitheach bearta chun déileáil leis an ráta gortuithe agus báis ar bhóithre na hÉireann trína dtabharfaí faoin gcostas ard árachais, go háirithe i gcás árachas gluaisteáin agus árachas dhliteanas fostóra.

I measc na mbearta chun tabhairt faoin ardú seasta ar chostas an árachais, bhí bunú an Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, faoi mar a leagadh amach i gcinneadh an Rialtais an 20 Márta 2001, agus socrú chnuasach Treoirlínte maidir le cúiteamh dhamáistí maidir le gortuithe sonracha (Leabhar Cainníochta).

Thug an Rialtas geallúint chomh maith maidir le laghdú ar chostas árachais sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta 2003-2005, Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn. Leagadh béim ar chostas an árachais agus ar é bheith ar fáil mar cheann de na deich dtionscnamh speisialta a bhí le cur chun cinn le linn an Chomhaontaithe. Glacadh leis go raibh tionchar ag costas ard an árachais agus ar an teacht a bhí air ar oibriú ghnólachtaí agus ar bhuiséid dhaoine aonair agus teaghlaigh chomh maith.

Bhí bunú an Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) ar bhonn sealadach ar cheann de na príomhghnéithe a leagadh amach in Ag Coinneáil an Dul chun Cinn. Chuir an Clár Athchóirithe Árachais a sheol an Tánaiste i mí Dheireadh Fómhair 2002 borradh eile faoin obair maidir leis an PIAB a bhunú agus an 27 Samhain 2002, bunaíodh An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta Sealadach.

Ritheadh an reachtaíocht d'fhonn an PIAB a bhunú trí thithe an Oireachtais i ndeireadh na bliana 2003 agus shínigh an tUachtarán an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 an 28 Nollaig 2003.

## Reachtaíocht – An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003

Cuirtear de chúram ar an mBord, de réir reachtaíochta, measúnú a dhéanamh ar an gcúiteamh maidir le díobhálacha pearsanta i gcásanna cuí. Cuirtear éilimh de chineálacha áirithe as an áireamh e.g. Cásanna Cúitimh an Gharda, imeachtaí maidir le sárú cearta bunreachta, imeachtaí faoin Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003 agus cásanna faillí míochaine.

Shínigh an Tánaiste agus an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Mary Harney roinnt Ionstraimí Reachtúla (IR) lena n-áirítear IR 156 de 2004 Ordú an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 (Lá Bunaithe) 2004 inar leagadh síos an 13 Aibreán 2004 mar dháta bunaithe an Bhoird. Cuireadh tosach feidhme leis an Acht maidir le timpistí in ionaid oibre ó 1 Meitheamh 2004 agus maidir le héilimh ghluaisteáin, dhliteanais phoiblí agus eile ón 22 Iúil 2004.

## Feidhmeanna an Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Tá de dhualgas ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta measúnú a dhéanamh ar an mbonn céanna, agus trí thagairt do na pionsabail chéanna, agus atá i bhfeidhm maidir le meas dhamáistí faoi dhlí an toirt sna Cúirteanna. Tá próiseas an PIAB bunaithe ar sholáthar faisnéise, taifead agus cháipéisí eile amháin agus ní eagraíonn an Bord aon éisteachtaí ó bhéal.

Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas leagtha de chúram ar an PIAB chomh maith:

- cáipéis (ar a dtabharfar an "Leabhar Cainníochta" a ullmhú nó a fhoilsiú ina gcuimseofar treoirlínte ginearálta maidir leis na suimeanna is féidir a dhámhachtain nó a mheasúnú maidir le cineálacha áirithe díobhála,
- a thabhairt go ndéantar anailís de réir costais agus buntáiste ar na nósanna imeachta dlí agus ar na próisis ghaolmhara (ar a n-áirítear iad sin a bhforáiltear dóibh san Acht) atá in úsáid sa Stát faoi láthair chun críche cúiteamh i ngeall ar dhíobhálacha pearsanta a dhámhachtain,
- sonraí a thiomsú agus a scrúdú maidir le suimeanna dhámhachtana i ngeall ar, nó arna n-aontú mar shocraíocht i gcás, imeachtaí sibhialta lena mbaineann an tAcht, agus
- aon fheidhm eile a leagtar ar an mBord faoi roinn 55 an Achta a dhéanamh.

## Réamhrá

Leagar amach na príomhnithe a bhain an PIAB amach i rith na bliana 2004 sa chaibidil seo faoi na cinnteidil seo a leanas:

- Struchtúr
- Daoine
- Seirbhís
- Próiseas

Sular cuireadh tús le hobair an Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, bunaíodh infrastruchtúr iomlán gnó agus córais. Tharla sin taobh istigh de shé mhí de rith na reachtaíochta cumasúcháin. Leagtar amach cuid de na nithe tábhachtacha a baineadh amach thíos:

- Rinneadh éadáil ar áitreamh nua agus feistíodh don obair é le linn tréimhse 6 seachtaine
- Cuireadh isteach infrastruchtúr iomlán TE agus teileachumarsáide lena n-áirítear íomháú, sreabhadh oibre, taifeadadh gutha agus nascanna cumarsáide
- Soláthraíodh Córas Bhainistiú Cáis, cuireadh sa tsiúl é agus leasaíodh go sainiúil é
- Bhí na chéad chomhaltaí foirne ar an láthair faoi thús na Bealtaine 2004
- Roghnaíodh an soláthróir maidir leis an Ionad Seirbhíse
- Bhí an Líne Chabhrach poiblí ag obair faoi lár na Bealtaine 2004
- Thosaigh an PIAB ag plé le cásanna dhliteanas fostóra ón 1 Meitheamh 2004 ar aghaidh
- Thosaigh an PIAB ag plé le gach cás dhíobhálacha pearsanta (ach amháin faillí míochaine) ón 22 Iúil 2004 ar aghaidh

## Struchtúr

Tá trí rannóg sa PIAB:

- Seirbhísí Taca Gnó
- An tIonad Measúnaithe
- Seirbhísí Corparáideacha

Cuireadh an struchtúr sin ar bun i rith na bliana 2004.

### Seirbhísí Taca Gnó

Tá cúram ar Sheirbhísí Taca Gnó maidir leis na réimsí seo a leanas:

- An tIonad Seirbhíse agus foireann taca inmheánach an Ionad Seirbhíse
- Seirbhísí Dlí
- TE agus Saoráidí
- Painéil Saineolaithe

Is iad SWS Ltd a chuireann ar fáil an tIonad Seirbhíse ó fhoinse seachtrach atá lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí. Cuireann an tIonad Seirbhíse líne eolais ar fáil ar LoCall 1890 829 121 maidir le fiosrúcháin ón bpobal agus cuidítear le héilitheoirí agus le freagróirí le próiseas fógraithe an PIAB. Tá tairbhe ag an PIAB as foinse seachtrach na gné sin den tseirbhís ó fágann sé scóip níos leithne maidir le huaire oibre (Luan go Satharn, 8 r.n. - 8 i.n.), agus solúbthacht i gcás athruithe ar oiread na hoibre.

Bailítear an t-eolas ar fad is gá maidir le fógra éilimh san Ionad Seirbhíse. Cuirtear na sonraí ar fad isteach i gcóras ionas go bhfuil fáil ar an bpointe air ag foireann an ionaid mheasúnaithe trí theicneolaíocht den chéad scoth. Ullmhaíonn foireann an ionaid mheasúnaithe don phróiseas measúnaithe agus tugtar chun críche é de réir na gcumhachtaí reachtúla.

Ós próiseas cháipéisí amháin é próiseas an PIAB, leagtar béim ar leith ar fheabhas na Teicneolaíochta Eolais (TE) aige. Tá gá le córais eolais struchtúrtha a chuidíonn leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann i mbun measúnaithe ar éilimh agus i mbun na ngáthphróiseas riaracháin chun feidhmeanna rialála an Bhoird a chur i gcrích. Cuireann na córais eolais struchtúrtha sin eolas bainistíochta fiúntach ar fáil a chuireann ar chumas an

Bhoird na cuspóirí agus an midean a bhaint amach. Cinntíonn an Bord go mbaintear amach na cuspóirí maidir le heolas cuí, tráthúil, iontaofa, cuimsitheach, a bhfuil teacht air go héasca, maidir le gach gné d'éilimh agus de bhainistiú na n-éileamh agus go mbíonn luach na hinfheistíochta sa réimse sin ag an mBord.

### An tIonad Measúnaithe

Is san Ionad Measúnaithe, atá suite i dTamhlacht, a dhéantar an obair lárnach maidir le measúnú maidir le héilimh dhíobhálacha pearsanta. Tá an Stiúrthóir Oibriúcháin i gceannas ar an ionad agus roinnt foirne measúnaithe ar a bhfuil bainisteoirí éilimh, measúnóirí agus foireann taca ann. Seirbhísigh poiblí buana le pinsin gach comhalta foirne. Leagtar feidhm measúnóra ar na measúnóirí de réir théarmaí an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003.

### Seirbhísí Corparáideacha

Cuireann Seirbhísí Corparáideacha an bonn is gá ar fáil don ghnó ar fad maidir le réimsí ar nós Acmhainní Daonna, Airgeadas agus Gnóthaí Corparáideacha. Tagann réimsí na straitéise, na taighde agus an chaidrimh leis na meáin chumarsáide faoin gceann deireanach sin. Thosaigh an PIAB ar chlár eolais agus cumarsáide dírithe seachtrach a thabhairt chun cinn le linn na bliana 2004.

## Daoine


Is mór ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta feabhas agus saineolas na foirne atá ar an acmhainn is mó tábhachta aige.

Leagtar amach struchtúr eagraíochta an PIAB i bhFigiúr 1.1.

### Earcaíocht

Tá foireann de 85 duine móide seirbhís an ionaid seirbhíse ó fhoinse sheachtrach ceadaithe don Bhord. De réir mar atá sruth oibre ag teacht, táthar ag earcú foirne de réir a chéile. Tar éis feachtas earcaíochta náisiúnta, rinne an an PIAB earcú ar fhoireann atá cáilithe go cuí le réimse taithí agus na scileanna agus an cleachtadh is gá chun an obair a theastaíonn a dhéanamh. Ag deireadh na bliana bhí foireann de 32 oibrí buan le pinsean fostaithe go díreach sa PIAB. Bhí cúnamh ag an bhfoireann sin ó suas le 20 fostaí a bhí ag obair do SWS Ltd, soláthróir an ionad seirbhíse ó fhoinse sheachtrach ag an PIAB. De réir mar a bheidh méadú ar líon na n-éileamh, beidh gá le tuilleadh foirne a earcú. Táthar ag cur de réir a chéile le leibhéal na foirne de réir an méid oibre atáthar a fháil. Bhí moill ar an obair ar dtús mar gheall ar an oiread cásanna a cuireadh chun cinn sa chóras dlíthíochta i rith samhradh na bliana 2004.

Figiúr 1.1
Cairt Eagraíochta PIAB



I mí Bealtaine na bliana 2004, moladh an chéad fhógra earcaíochta a bhí ag an PIAB do ghradam Excellence in Recruitment Advertising (ERA).

### Clár Oiliúna agus Forbartha

Tá an Bord dúthrachtach maidir le polasaí oiliúint agus fhorbairt foirne mar bhealach chun éifeachtacht agus críochnúlacht níos fearr a bhaint amach do chomhaltaí aonair foirne agus don Bhord. Cinntíonn an dúthracht sin sástacht níos mó ag an bhfoireann ón jab agus obair de chaighdeán níos fearr a bheith ar fáil.

Go dtí seo, tá oiliúint theicniúil, oiliúint láimhseála agus oiliúint ghnásanna éigeandála agus cúrsa cuimsitheach maidir le léirmhíniú chúrsaí míochaine faighte ag an bhfoireann chomh maith le hoiliúint ar socraíodh maidir leis go hinmheánach. Tá roinnt cúrsaí eile beartaithe don bhliain 2005.

### Clár Sláinte agus Sábháilteachta

Tá an Bord dúthrachtach maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne a chinntiú trí chloí go docht le Caighdeáin Sláinte agus Sábháilteachta agus le Cóid Chleachtais fhógartha. Féachann clár sábháilteachta an PIAB le tuiscint níos fearr maidir le sláinte agus sábháilteacht a thabhairt chun cinn i measc na foirne trí oiliúint maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an obair. Taobh istigh den chéad bhliain aige, rinne an PIAB measúnú baoil iomlán agus iniúchadh sábháilteachta maidir le háitribh, córais agus cleachtais agus cuireadh an Ráiteas Sábháilteachta le chéile bunaithe air sin. Chomh maith le cloí leis na riachtanais ar fad faoin reachtaíocht, féachann an BMFP leis an sárchleachtas a chur i bhfeidhm maidir le gach gné den chlár sláinte agus sábháilteachta.

## Seirbhís

Tá an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta dúthrachtach maidir le seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil do na custaiméirí ar fad. Aithníonn an Bord nach mór dó bheith dírithe ar na custaiméirí más leis a bhfuil de mhisean aige a bhaint amach.

Ón tús, tá béim láidir leagtha ag an PIAB ar an tseirbhís do chustaiméirí. Bíonn Líne Chabhrach LoCall 1890 829 121 ag an mBord sé lá sa tseachtain ón 8 r.n. go dtí 8 i.n. tríd an Ionad Seirbhíse. Tá caighdeáin arda maidir le cúram do chustaiméirí leagtha síos ag an mBord agus chinntigh sé gur cuireadh oiliúint dá réir ar an bhfoireann ar fad. Cuireann monatóireacht laethúil agus cinntiú cáilíochta ar chumas an Bhoird cinntiú nach é amháin go dtagtar leis na caighdeáin sin ach go gcuirtear feabhas orthu go leanúnach.

Tá léiriú ghlé ar an mbéim sin ar an tseirbhís le sonrú ar thorthaí shuirbhéanna inmheánacha ar chustaiméirí. Rinneadh suirbhéanna ar chustaiméirí ó cuireadh tús leis an obair i mí Bealtaine 2004. Thug beagnach 200 custaiméir a dtuairim ar sheirbhís PIAB. Bhí na torthaí an-mholtach agus custaiméirí ag cur a gcuid sástachta go ginearálta leis an eolas agus leis an gcaighdeán seirbhíse in iúl. Seo a leanas roinnt de na tuairimí a nochtaigh custaiméirí le linn na suirbhéanna:

- *"Tá mé ag glaoch lena rá libh gur tháinig mé féin agus an fostóir ar réiteach tar éis labhairt leis an PIAB. Tá mé an-bhuíoch mar gheall ar an gcúnamh a tugadh dom – bhí gach duine ansin thar cionn."*
- *"Shíl mé an próiseas a bheith an-éifeachtach. Pléadh le gach rud go tráthúil agus thuig mé an t-eolas ar fad a tugadh dom."*
- *"Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le gach gníomhaire ar labhair mé leo maidir leis an éileamh. Bhí siad ar fad ar na daoine ba cúirtéisí, múinte, foighní agus éifeachtaí a raibh plé agam riamh leo. D'fhág an díogras chun cúnamh a thabhairt go mba cothú ar an misneach é déileáil leis an oifig sin agaibh."*

D'fhonn cruthú níos fearr ná mar a mbeadh súil ag custaiméirí leis, tá an PIAB dúthrachtach maidir le seirbhís

den scoth lena mbaineann trédhearcacht agus ionracas a chur ar fáil dóibh bunaithe ar Phrionsabail na Seirbhíse den Scoth do Chustaiméirí ar ghlac an Rialtas leo sa bhliain 2000.

## Próiseas

Ní bhaineann an PIAB le córas na sáraíochta agus ní bhíonn aon éisteachtaí ó bhéal i gceist. Déanann an PIAB measúnú ar chásanna i dtréimhsí níos giorra agus ar chostas i bhfad níos lú ná mar a tharlaíodh go dtí seo.

Oibriú an chórais:

- Más mian le duine ar tharla díobháil dó éileamh a dhéanamh maidir le díobháil phearsanta, ba cheart dó labhairt ar dtús leis an té ar dóigh leis a bheith freagrach maidir leis an díobháil (an freagróir) le fonn is go réiteofaí mar gheall ar an éileamh go díreach.
- Murar féidir réiteach a fháil ar an gcás agus más mian leis an éilitheoir dul níos faide leis an éileamh, ní mór dó **Iarratas** a chur faoi bhráid an Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB).
- Ní mór iad seo a leanas a bheith leis an iarratas:
  - foirm iarratais (Foirm A)
  - foirm mheasúnaithe míochaine (Foirm B)
  - táille riaracháin de €50 agus
  - aon cháipéisí eile i dtaca leis an éileamh e.g. cailleadh ioncaim, costais míochaine etc.
- Is é an té a chuireann cóireáil ar an éilitheoir a chomhlánaíonn an fhoirm mheasúnaithe míochaine.
- Chomh luath agus a fhaightear an t-iarratas comhlánaithe sa PIAB, cuirtear cóip den pháipéarachas chuig an bhfreagróir ag tabhairt fógra go bhfuarthas iarratas agus go ndearnadh éileamh foirmiúil ar chúiteamh.
- Más mian leis an bhfreagróir cur in aghaidh an éilimh, eiseoidh an PIAB **'Údarú'**. Cuireann an tÚdarú sin ar chumas an éilitheora an cás a thabhairt chun cúirte más mian leo.
- Más mian leis an bhfreagróir go ndéanfaí an t-éileamh a mheas, déanfaidh an PIAB measúnú ar an éileamh agus cinneadh mar gheall ar shuim an mheasúnaithe taobh istigh de naoi mí.
- Bunaítear an **Measúnú** ar an bhfoirm mheasúnaithe míochaine a chuireann an té a chuireann cóireáil ar an éilitheoir ar fáil. **D'fhéadfadh go mbeadh gá le Scrúdú Míochaine Neamhspleách.**
- Cuireann an PIAB suim iomlán an **Mheasúnaithe** in iúl don éilitheoir agus don fhreagróir.
- Féadann ceachtar den dá pháirtí glacadh leis an measúnú nó diúltú dó taobh istigh de thréimhse ama sonrach. Má tá glacadh ag an dá pháirtí leis an dámhachtain, eisíonn an PIAB **'Ordú Íocaíochta'** leis an bhfreagróir. Tá an tOrdú Íocaíochta sin ar aon stádas le dámhachtain cúirte agus tá ceangal ar an bhfreagróir suim an mheasúnaithe a íoc leis an éilitheoir.
- Sa chás go ndiúltaíonn ceachtar den dá pháirtí don mheasúnú, is féidir leis an éilitheoir an cás a thabhairt chun cúirte más mian leis.

### Sracfhéachaint... An chaoi ina n-oibríonn an PIAB

1. Cuirtear éileamh in iúl ar an teileafón **LoCall 1890 829 121** Luan go Satharn (8 r.n. –8 i.n.) nó tríd an bpost go dtí Bosca O.P 8, Cloch na Coillte, Co. Chorcaí.
2. Is féidir leis an PIAB cúnamh a thabhairt le comhlánú an iarratais ar an teileafón.
3. Cuirtear iarratas agus Foirm Mheasúnú Míochaine faoi bhráid an PIAB.
4. Cuireann an PIAB fógra chuig an té atá freagrach (Freagróir).
5. Toilíonn an freagróir le measúnú an PIAB.
6. Déantar an measúnú agus cuirtear suim na dámhachtaine in iúl don Éilitheoir agus don Fhreagróir.
7. Glacann an dá pháirtí leis an measúnú agus eisíonn an PIAB Ordú Íocaíochta.

## Réamhrá

I bhfianaise na bpríomhchuspóirí atá aige, cuireann an PIAB raon sonraí le chéile faoi na réimsí seo a leanas:

- Creat ama maidir le héileamh ar chúiteamh a phróiseáil
- An costas a bhaineann le cúiteamh dhíobhálacha pearsanta a thabhairt i gcrích
- Leibhéal na ndámhachtainí cúitimh

## Tráthlínte

Tá an t-achar ama a ghlacann sé chun measúnú a dhéanamh maidir le cúiteamh díobhálacha pearsanta ar cheann de na príomhthosca ratha agus táscairí feidhmíochta ag an PIAB.

Glactar leis go forleathan go mbíodh idir trí agus ceithre bliana ar an meán caite ó dháta na timpiste go dáta an tsocraithe faoi chóras na gCúirteanna, agus níos faide na sin i roinnt cásanna. Éilítear ar an PIAB de réir na reachtaíochta measúnú a dhéanamh sa chuid is mó de na cásanna taobh istigh de naoi mí de thoiliú an fhreagróra le próiseas an PIAB. Tarlóidh cásanna nach mbeidh prognóis dearfa míochaine ar fáil maidir leo taobh istigh den achar sin agus foráiltear sa reachtaíocht do shíneadh ama sna cásanna sin.

Thug an PIAB na chéad mheasúnuithe chun críche le linn an chéad ráithe den bhliain 2005.


*Nóta: Agus seo á fhoilsiú, tá na chéad dámhachtainí déanta ag an PIAB agus léirítear laghdú suntasach i gcás an tréimhse ama chun measúnú a dhéanamh maidir le cúiteamh agus i gcás na mbarrchostas a bhaineann leis na dámhachtainí a thabhairt chun críche. Léiríonn na measúnuithe na leibhéil chúitimh reatha agus léiríonn an leibhéal ard glactha leis na dámhachtainí go bhfuiltear sásta leis an gcóras. Féach www.PIAB.ie/statistics*

## Costas maidir le cúiteamh a thabhairt

Thug Bord Comhairleach an Árachais Gluaisteáin tuairisc gurbh ionann na barrchostais dlíthíochta don bhliain 2003 agus 46% nuair a luaitear mar chéatadán den chúiteamh iad. Tugtar briseadh síos de réir céatadáin i bhFigiúr 1.2 i leith gach ceann de na trí chatagóir; fostóir, gluaisteán agus dliteanas poiblí chomh maith leis an meán ginearálta.

I gcodarsnacht leis sin, bainfidh costais de isteach is amach le €1,250 go hiondúil le cásanna díobhálacha pearsanta arna measúnú ag an PIAB gan bheann ar leibhéal an chúitimh a bhíonn i gceist i.e. táille de €850 ón bhfreagróir, táille riaracháin de €50 ón éilitheoir, €150 maidir le comhlánú an fhoirm mheasúnú míochaine agus €200 ar an meán maidir le scrúdú míochaine neamhspleách. Tá na costais sin i bhfad níos ísle ná na costais a dtéitear iontu le dlíthíocht.

Figiúr 1.2
**Costais Dlíthíochta do 2003 mar chéatadán den chúiteamh – Tuarascáil MIAB 2004**




## Leibhéal na nDámhachtainí

Tá suimeanna maidir leis na gnéithe seo a leanas i gceist le dámhachtain de chuid an PIAB:

- Damáistí Ginearálta mar chúiteamh ar phian agus fulaingt, agus
- Damáistí Speisialta maidir le:
  - Cailleadh tuarastail
  - Billí míochaine
  - Costais as póca agus damáiste do mhaoin sealbhais.

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go dtarlódh caillteanas agus/nó costais san am atá le teacht i.e. tuarastal, cóireáil fhisiteiripe leanúnach etc. Tagann dámhachtainí an PIAB leis na leibhéil chúitimh atá iníoctha faoi láthair sa tír seo.

### Próiseas Measúnaithe an PIAB

Ón uair a fhaigheann an PIAB iarratas comhlánaithe ón éilitheoir agus toiliú le measúnú ón bhfreagróir, cuireann an PIAB tús leis an bpróiseas a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar éileamh.

Déanann an PIAB measúnú ar an tsuim atá dlite mar chúiteamh ar phian nó fulaingt (Damáistí Ginearálta) ag baint leas as an bhfoirm mhíochaine a chomhlánaíonn dochtúir cóireála an éilitheora. Sa chás nach mbaineann soiléire le cineál na ndíobhálacha a fulaingíodh nó sa chás nach mbaineann dearfacht leis an tuairim mhíochaine, iarrfaidh an PIAB scrúdú míochaine neamhspleách agus tuairisc mar gheall air. Tiocfaidh an measúnú leis na leibhéil reatha chúitimh agus déanfar é i bhfianaise sonraí sonracha gach cás faoi leith. Nuair a shocraítear an tsuim maidir le Damáistí Ginearálta, beidh an aire cheart ag na measúnóirí ar an Leabhar Cainníochta. Déanfar measúnú chomh maith ar an tsuim atá dlite maidir le Damáistí Speisialta i leith chailleadh tuarastail, costais míochaine agus aon chaillteanas a rachfar ann san am atá le teacht.

Cuirtear an tsuim mheasúnaithe in iúl ansin don éilitheoir agus don fhreagróir agus féadann ceachtar den dá pháirtí glacadh le measúnú an PIAB nó diúltú dó ag an staid sin. Nuair a ghlacann an dá pháirtí leis an measúnú, eiseoidh an PIAB Órdú Íocaíochta chuig an bhfreagróir agus tá ceangal dlíthiúil air iomlán na suime measúnaithe a íoc leis an éilitheoir. Is ionann stádas don Ordú Íocaíochta agus d'fhoraithne cúirte.

Sa chás go ndiúltaíonn ceachtar de na páirtithe don mheasúnú, áfach, eisíonn an PIAB Údarás leis an éilitheoir a thugann údarás an chúis a thabhairt chun cúirte más mian leis an éilitheoir sin a dhéanamh.

### An Leabhar Cainníochta

Chuir comhairleoirí neamhspleácha an Leabhar Cainníochta le chéile faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Is treoir atá ann maidir le leibhéal an chúitimh Dhamáistí Ginearálta a bhféadfadh duine (éilitheoir) a bheith ina theideal nuair a dhéantar díobháil dó agus an locht ar dhuine eile (freagróir) agus maidir leis na caillteanais airgeadais a d'fhéadfadh a bheith iníoctha leis an éilitheoir. Ba cheart go gcothódh an Leabhar Cainníochta socruithe idirbheartaíochta idir na páirtithe chomh maith sa chás go nglactar leis go bhfuil an té a dtarlaíonn díobháil dó i dteideal cúitimh. Cuireadh an Leabhar le chéile tar éis sonraí a thiomsú ó Sheirbhís na gCúirteanna, ó Ghníomhaireacht Éilimh an Stáit agus ó Chónaidhm Árachais Éireann agus is léiriú é ar leibhéal an chúitimh mar atá in Éirinn faoi láthair.

## Líon na gCásanna

Mheas an grúpa feidhmithe ina dtuairisc go bhféadfadh an PIAB déileáil le suas le 27,000 cás in aghaidh na bliana. Bhí an meastachán sin bunaithe ar mhinicíocht na n-éileamh roimh 2002. Tríd is tríd, tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil laghdú tagtha ar líon na n-éileamh maidir le díobháil phearsanta ó 2002 i leith.

Thosaigh an PIAB ag plé le cásanna dhliteanas fostóra i mí Meithimh 2004 agus le cásanna gluaisteán agus dliteanas poiblí i mí Iúil 2004. Eisíodh líon eisceachtúil cásanna dlíthíochta (tuairim is 16,000 cás) sa bhliain 2004 roimh thosach feidhme an Achta agus bhí tionchar aige sin ar líon na gcásanna a fuair an PIAB sa bhliain 2004.

## Staitisticí a bhaineann leis an PIAB

I rith na bliana 2004, chaith an PIAB a chuid acmhainní le bonn a chur faoi thaobh na feidhmíochta den ghnó. Ón 1 Meitheamh 2004, tosaíodh ag plé le cásanna dhliteanas fostóra agus ón 22 Iúil bhíothas ag déileáil le gach cás díobhálacha pearsanta sa tír taobh amuigh de chásanna faillí míochaine.

Faoi dheireadh na bliana 2004, bhí an chéad ghrúpa de chásanna, inar thoiligh na freagróirí le próiseas an PIAB, á n-ullmhú d'fhonn a measúnú agus súil leis na chéad dámhachtainí i rith an chéad ráithe den bhliain 2005. Taispeáintear staitisticí nua-shonraithe ar bhonn leanúnach ar shuíomh idirlín an PIAB, www.PIAB.ie, agus tabharfar anailís staitisticí ar phríomhghnéithe feidhmíochta an ghnó i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird i leith na bliana 2005.

Cúrsaí Airgeadais

Ráiteas faoi Ghéilliúntas maidir le Critéir na Rialála Corparáidí

Dualgais Reachtúla

## Réamhrá

Bunaíodh an PIAB an 13 Aibreán 2004. Cuireadh tús leis an obair le cásanna Dhliteanas Fostóra i mí Meithimh agus leanadh ar aghaidh le cásanna Díobhálacha Pearsanta ó dheireadh mhí Iúil ar aghaidh. Tháinig méadú ar Réimse an Airgeadais taobh istigh den PIAB de réir mar a tharla sin i rith na bliana 2004 maidir le hacmhainní, córais agus obair.

Rinne an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta próiseáil ar dtús ar na bearta airgeadais ar fad thar ceann an PIAB go dtí deireadh na bliana 2004 nuair a haistríodh an cúram go dtí an Bord. Ó shin i leith tá próisis agus córais airgeadais tugtha chun cinn taobh istigh den PIAB agus barrfeabhais curtha orthu.

Tugadh airgead ón Státchiste don PIAB chun cuidiú lena bhunú sa bhliain 2004. Tá sonraí mar gheall air ar fáil i bhfoilseacháin bhliantúla maidir le Meastacháin an Rialtais – Fomhírcheann S3 de Vóta 34 na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. €5 milliún a cheadaigh an Roinn don bhliain 2004 agus €2.5 milliún a ceadaíodh i leith na bliana 2005, rud a léiríonn an leibhéal ioncaim níos airde atá á shaothrú go díreach ag an mBord féin.

Is díol suntais é go saothróidh an PIAB, mar chomhlacht stáit nua, ciste dó féin agus nach mbeifear ag brath ar aon airgead ón Státchiste. Tá de rún ag an PIAB sin a bhaint amach mar aidhm faoi dheireadh na bliana 2005. Déantar fónamh do chostas oibre an PIAB trí tháillí a ghearradh ar fhreagróirí (iad siúd a íocann an cúiteamh) agus trí eagraíocht sholúbtha a rith a mbaineann an t-ioncam agus an caiteachas ann go díreach le líon na hoibre.

€4.6 milliún iomlán an chaiteachais a ndeachthas ann sa bhliain 2004, arna thabhairt go sealadach roimh iniúchóireacht, agus baineann timpeall is €3.3 milliún le caiteachas a ndeachthas ann ó Lá an Bhunaithe go dtí 31 Nollaig 2004. Bhain €1.1 milliún le tuarastail agus caiteachas gaolmhar agus €2.2 milliún den €3.3 milliún iomlán le gnéithe Neamh-Phá.

Tá ráitis airgeadais an Bhoird maidir leis an mbliain 2004 faoi réir ag iniúchóireacht ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i rith na bliana 2005 agus foilseofar iad go gairid ina dhiaidh sin. Beidh tuairisc sna ráitis airgeadais sin ar an obair i rith na tréimhse idir Lá an Bhunaithe agus 31 Nollaig 2004.

Tháinig ardú rialta ar an ioncam ó tháillí ó mhí go mí i rith na bliana 2004 rud a léiríonn méadú ar an obair maidir le héilimh sna tréimhsí ó tosaíodh ar an obair.

## Cuntas Ioncaim & Caiteachais

| Cuntas Ioncaim & Caiteachais maidir leis an Tréimhse 13 Aibreán go dtí 31 Nollaig 2004 | 8.5 mí go dtí 31.12.2004 €'000's |
|---|---|
| **Ioncam** | |
| Deontas | 2,000 |
| Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Caipitil | (1,082) |
| Ioncam ó Tháillí | 137 |
| Ús Infhaighte | 3 |
| Caiteachas a ndeachaigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ann thar ceann an PIAB | 2,438 |
| | **3,496** |
| **Caiteachas** | |
| Tuarastail, Pinsin agus speansais gaolmhar | 1,132 |
| Costas phróiseála na n-éileamh | 427 |
| Costas Cóiríochta agus Costas Bunaithe | 108 |
| Táillí & Speansais Chomhaltaí an Bhoird | 41 |
| Earcaíocht, Oiliúint & Oideachas | 85 |
| Eolas, Taighde & Cumarsáid | 157 |
| Comhairleoireacht agus Táillí Gairmiúla eile | 773 |
| Riarachán Ginearálta | 317 |
| Dímheas | 319 |
| | **3,359** |
| ***Barrachas Ioncaim i gcomparáid le Caiteachas*** | ***137*** |

Níor bhain aon ghnóthachan ná caillteanas don Bhord le linn na tréimhse nach dtugtar san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Nóta – is suimeanna sealadacha iad seo nach bhfuil iniúchóireacht déanta mar gheall orthu.

# Ráiteas faoi Ghéilliúntas maidir le Critéir na Rialála Corparáidí

***Tá an PIAB faoi réir ag an "gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit" a d'eisigh an Roinn Airgeadais i mí Dheireadh Fómhair 2001.***

Admhaím, thar ceann an Bhoird, go bhfuil freagracht ar Bhord PIAB maidir leis an gcóras rialáil airgeadais inmheánach atá aige. Is cinnteacht réasúnta agus ní cinnteacht iomlán a thugann a leithéid de chóras rialála airgeadais maidir le hearáid ábharach a sheachaint.

Ó bunaíodh go foirmiúil é an 13 Aibreán 2004, chuir an Bord tús le nósanna imeachta tábhachtacha d'fhonn rialáil airgeadais inmheánach le héifeacht a chur ar fáil. Déanfar bearta eile chun barrfeabhais a chur ar na nósanna imeachta sin i rith na bliana 2005. Tá beart déanta ag an mBord chun córas rialála cuí a chinntiú trí:

- chúraimí a leagan amach go soiléir;
- nósanna imeachta chuí a fhorbairt chun aon teip suntasach a rialáil agus beart ceartaithe cuí a dhéanamh.

Mar a fhoráiltear faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 tá freagracht ar an bPríomhfheidhmeannach maidir le riarachán agus gnó an PIAB a dhéanamh, a bhainistiú agus a rialáil go ginearálta agus déanfaidh sé feidhmeanna eile de réir mar a shocraíonn an Bord. Tá aontaithe ag Comhaltaí an Bhoird go bhfuil an fhreagracht maidir le cúrsaí feidhmíochta ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an bhfoireann. Déanann an Príomhfheidhmeannach tuairisc leis na Comhaltaí ag a gcuid cruinnithe a reáchtáiltear go míosúil.

Leanann an Bord ag tabhairt próisis bhainistíochta chun cinn agus ag cur feabhas orthu d'fhonn baol don ghnó a thabhairt faoi deara agus a mheas trí:

- cineál agus oiread an bhaoil atá ann don Bhord agus an toradh a d'fhéadfadh a bheith air a thabhairt ar aire, oiread agus cineálacha an bhaoil a fheictear a bheith inghlactha san áireamh, trí chomhairleoirí, lena n-áirítear cuntasóirí, saineolaithe mheasúnú baoil agus TE, a fhostú maidir le réimsí príomhthábhachtacha a meastar gur cóir a leithéid de sheirbhísí ina leith;
- a dhócha is atá sé go dtitfeadh amach de réir an bhaoil a thugtar faoi deara a mheas;
- cumas an Bhoird bainistiú agus maolú a dhéanamh dá dtitfeadh amach de réir an bhaoil a mheas;
- agus an costas a bhaineann le bearta rialála áirithe a oibriú i gcomparáid leis an mbuntáiste a eascraíonn uathu á thabhairt san áireamh.

Déanfar bearta breise chun bonn foirmiúil a chur faoin obair sin i rith na bliana 2005.

Tá an córas rialála airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre d'eolas bainistíochta rialta, gnásanna riaracháin, lena n-áirítear idirdhealú maidir le dualgais, agus córas maidir le gnáis deighilte agus freagracht. Baineann na gnéithe seo a leanas go háirithe leis:

- córas buiséadaithe cuimsitheach lena mbaineann buiséad bliana agus athbhreithniú agus aontú á dhéanamh maidir leis ag an mBord;
- córas cuntasaíochta airgeadais a chur i bhfeidhm – tá córas bhogearra ríomhaireachta curtha sa tsiúl ag an mBord lena mbaineann pacáiste cuntasaíochta mar áis maidir le rialáil airgeadais inmheánach;
- ráitis sreabhadh airgid mhíosúla chomh maith le hanailís ar mhórchatagóirí ioncaim agus caiteachais.

Ós comhlacht nuabhunaithe é, beidh an PIAB ag tabhairt faoi bhreis bearta i rith na bliana 2005 trí Choistí Airgeadais agus Iniúchóireachta an Bhoird d'fhonn fónamh don obair sin.


Cheap an Bord Coiste Iniúchóireachta i rith na bliana 2004 agus tá comhlacht iniúchóirí gairmiúla neamhspleách fostaithe ó shin aige chun tabhairt faoi chúram na hiniúchóireachta inmheánaí. Déanfar cúram na hiniúchóireachta inmheánaí de réir an Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tiocfaidh obair na hiniúchóireachta inmheánaí faoi anáil ag anailís ar an mbaol dá nochtaítear an PIAB. Bunaíodh Coiste Airgeadais d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla agus ar an obair bhuiséadaithe agus d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar ghnásanna airgeadais go ginearálta. Beidh anailís na bainistíochta ar an mbaol agus na pleananna maidir le hiniúchóireacht inmheánach faoi réir ag réiteach an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta leo agus aontú an Bhoird leo.

# Ráiteas faoi Ghéilliúntas maidir le Critéir na Rialála Corparáidí

I rith na bliana 2004, rinne an Bord réamhanailís mheasúnú baoil maidir leis an PIAB agus a chuid gnó. Fostaíodh comhairleoirí seachtracha chun an anailís sin a dhéanamh d'fhonn gach baol a bheadh ann a thabhairt faoi deara agus a chur de réir ord tábhachta. Aontaíodh go raibh bainistíocht á dhéanamh maidir leis an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ar bhealach cuí agus go ndéanfaí athbhreithniú arís ar an gcás in am tráth.

De bharr nár thosaigh PIAB ag seirbhísiú éilimh dhíobhálacha pearsanta ach ó lár 2004, níor rinneadh aon athbhreithniú mionsonraithe de rialála airgeadais inmheánaigh le linn na bliana. Tá i gceist ag an mBord athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar chríochnúlacht an chórais rialála airgeadais inmheánaigh trí na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta i rith na bliana 2005.

Arna shíniú thar ceann Chomhaltaí an Bhoird



**Dorothea Dowling**
Cathaoirleach
An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

## Comhaltaí an Bhoird

Oibríonn an Bord de réir phrionsabail shárchleachtais an rialachais chorparáidigh agus de réir na dtreoirlínte a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, ina chuid beartaíochta agus san úsáid a bhaintear as coistí.

Ag teacht leis na treoirlínte sin, comhlíonann Comhaltaí Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta Cód Iompraíochta Gnó do Chomhaltaí Boird.

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001

Níl an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ina chomhlacht forordaithe go fóill faoi na hAchtanna thuasluaite. Tagann Comhaltaí an Bhoird le meon na nAchtanna ina dhiaidh sin féin agus tá Cód Iompraíocht Ghnó ag an mBord a gcloítear leis.

## Saoráil Fhaisnéise (SF)

Níl an PIAB ina chomhlacht forordaithe faoi láthair faoi réir an chéad sceideal den Acht um Shaoráil Faisnéise.

## Comhionannas

Is fostóir comhionannas deiseanna é an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta atá dúthrachtach maidir le polasaí comhionannas deiseanna san eagraíocht.

## An tAcht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa 1989

Ag teacht leis an Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa 1989, tá ráiteas sábháilteachta ag an PIAB ina gcuimsítear gach gné de leas na foirne agus de leas chuairteoirí.

PIAB

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
- D'éileamh - Do Ghlaoch 1890 829 121

Bosca Poist 8, Cloch na Coille, Co. Chorcaí.
LoCall 1890 829 121
www.piab.ie